# Mary Gorman

## Trína Súile

**Féach ar an bhfíseán ar dtús faoi Mary Gorman. Cabhróidh an ghluais seo leat.**

| | |
|---|---|
| Ard Fhearta | Sráidbhaile i dtuaisceart Chiarraí |
| Finné | Duine a chonaic nó a chuala eachtra áirithe agus atá in ann eolas a thabhairt mar gheall ar an eachtra sin |
| Óglach | Saighdiúir |
| Cailín aimsire | Cailín nó bean atá fostaithe ag duine chun obair a dhéanamh |
| Fomhuireán | Soitheach a thaistealaíonn faoi uisce |
| Náisiúnaithe | Duine a chreideann go bhfuil sé de cheart ag tír a bheith neamhspleách ó thionchar aon tíre eile |
| Liúntas | Airgead a dháiltear ar bhonn rialta |
| Fianaise ríthábhachtach | Eolas an-tábhachtach |
| Daortha chun báis | Breith an bháis a bheith tugtha |
| Frithghaelach | Duine nó meon a théann i gcoinne na nGael/nÉireannach |
| Monarcha armlóin | Áit a ndéantar gunnaí agus uirlisí troda |
| Tigh na mBocht | Áit ar tugadh fothain agus beatha do dhaoine a bhí ar an ngannchuid |
| Galair véinéireacha | Galar gnéis |
| Gan rian ann ar a scéal | Ní fios cad a tharla di |
| Ard Fhearta | Sráidbhaile i dtuaisceart Chiarraí |
| Finné | Duine a chonaic nó a chuala eachtra áirithe agus atá in ann eolas a thabhairt mar gheall ar an eachtra sin |

# Mary Gorman

## Trína Súile

**Anois, féach ar an bhfíseán arís agus aimsigh an bhfuil na habairtí seo a leanas fíor nó bréagach. Tá an chéad cheann déanta mar theoir.**

| | |
|---|---|
| Thug Mary Gorman fianaise ríthábhachtach uaithi i gcás cúirte a bhain le Ruairí Mac Easmainn | F |
| Ba chailín aimsire í Mary Gorman i gcontae Chiarraí | |
| Shiúil cúigear fear thairsti maidin Aoine an Chéasta 1916 | |
| Tháinig Ruairí Mac Easmainn i dtír i bhfomhuireán i Sligeach | |
| Ba é an plean a bhí ag Ruairí Mac Easmainn ná gunnaí agus armlón a thabhairt isteach mar chuid d'Éirí Amach na Cásca 1916 | |
| Sular thug Mary fianaise ag an gcás cúirte i Londain chuaigh sí ag spaisteoireacht timpeall na cathrach | |
| Bhí triail Ruairí Mhic Easmainn go mór i mbéal an phobail sa bhliain 1916 | |
| Ba fhianaise thábhachtach í ó Mary nach bhfaca sí aon duine ag caitheamh cótaí móra maidin Aoine an Chéasta 1916 | |
| Bhí fearg an domhain ar an-chuid daoine in Éirinn gur thug Mary fianaise ríthábhachtach i gcoinne Ruairí Mhic Easmainn | |
| Phós Mary Gorman saighdiúir ó Arm na Gearmáine | |
| Scríobh Mary Gorman chuig na húdaráis i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ag iarraidh orthu cabhair a thabhairt di | |
| D'fhan Mary Gorman i gCiarraí don chuid eile dá saol | |
| Thug Mary Gorman fianaise ríthábhachtach uaithi i gcás cúirte a bhain le Ruairí Mac Easmainn | |

# Mary Gorman

## Trína Súile

**Anois, ag obair leis an duine in aice leat, meaitseálaigí tús na n-abairtí seo a leanas leis an deireadh ceart. Tá an chéad cheann déanta mar theoir.**

| | |
|---|---|
| **Rugadh Mary Gorman** | Triúr fear maidin Aoine an Chéasta agus cótaí móra á n-iompar acu |
| Chabhraigh fianaise thábhachtach Mary Gorman le Ruairí Mac Easmainn | **Sa bhliain 1899** |
| Ba í an chuid ba thábhachtaí den fhianaise a thug sí ná go bhfaca sí | A chuir Rialtas na Breataine ceannairí an Éirí Amach chun báis |
| Thaistil Ruairí Mac Easmainn ón nGearmáin go hÉirinn | Sa chéad leath den naoú haois déag |
| D'athraigh meon an phobail i dtaobh cheannairí Éirí Amach na Cásca nuair | D'fhill sí ar Éirinn tar éis di fianaise a thabhairt ag an gcás cúirte |
| Tholg Mary Gorman | A dhaoradh chun báis sa bhliain 1916 |
| Níor caitheadh go maith le Mary Gorman nuair a | Di imeacht go Nua Eabhrac |
| D'athraigh Mary Gorman a hainm faoi dhó in iarracht | Galar véinéarach le linn a saoil |
| Bunaíodh Tithe na mBocht in Éirinn | A haitheantas a athrú |
| Ní fios go díreach cad a tharla do Mary Gorman tar éis | Saol nua a thosú di féin i Meiriceá |
| Chabhraigh Rialtas na Breataine le Mary Gorman | I bhfomhuireán |



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Mary Gorman

## Trína Súile




**Anois, ag obair le do pháirtí ranga tugaigí faoin gceacht seo ar stair na hÉireann i rith agus díreach i ndiaidh Éirí Amach na Cásca 1916.**

Laochra, óglach, tacaíocht, Breatain, poblacht neamhspleách, Seachtain, fianaise, ceannairí

___________ chinniúnach i stair na hÉireann ba ea an tseachtain idir an 24 agus an 29 Aibreán, 1916. Ghlac grúpa _______ seilbh ar ionaid thábhachtacha i mBaile Átha Cliath agus d'fhógair siad don saol mór go raibh ___________ ___________á bunú acu. Chuir Arm na Breataine an tÉirí Amach faoi chois agus cuireadh _______ an Éirí Amach chun báis. Ba bheag ___________ a bhí ag lucht an Éirí Amach i measc na ngnáthdhaoine ach nuair a cuireadh na ceannairí chun báis tháinig athrú suntasach ar mheon an phobail. __________ a bhí iontu anois agus bhí muintir na hÉireann spreagtha anois chun neamhspleáchas a lorg ón m_______, rud a tharla tamall beag de bhlianta ina dhiaidh sin. Bhí sé de mhí-ádh mar sin ar Mary Gorman gur thug sí _______ chinniúnach i gcoinne duine de na daoine sin ar laoch anois é i súile an phobail in Éirinn.


**Anois, breac síos cúig fhíric stairiúla atá foghlamtha agat faoi Mary Gorman**

1)________________________________________________________________
2)________________________________________________________________
3)________________________________________________________________
4)________________________________________________________________
5)________________________________________________________________



# Mary Gorman

## Trína Súile



**Taighde:**

**Seo a leanas cúigear ban a raibh ról tábhachtach acu in Éirí Amach na Cásca 1916. Déan taighde ar líne agus scríobh síos abairt amháin chun cur síos a dhéanamh ar na mná tábhachtacha seo agus ar an ról a bhí acu san Éirí Amach.**

1) Elizabeth O'Farrell:

2) Winifred Carney:

3)An Chuntaois Markievicz:

4) Kathleen Lynn:

5) Rosie Hackett:

# Mary Gorman

## Na Freagraí

1. Fíor
2. Fíor
3. Bréagach
4. Bréagach
5. Fíor
6. Fíor
7. Fíor
8. Fíor
9. Bréagach
10. Fíor
11. Bréagach
12. Fíor
13. Bréagach

1. Rugadh Mary Gorman sa bhlain 1899.
2. Chabhraigh fianaise thábhachtach Mary Gorman le Ruairí Mac Easmainn a dhaoradh chun báis sa bhliain 1916.
3. Ba í an chuid ba thábhachtaí den fhianaise a thug sí ná go bhfaca sí triúr fear maidin Aoine an Chéasta agus cótaí móra á n-iompar acu.
4. Thaistil Ruairí Mac Easmainn ón nGearmáin go hÉirinn i bhfomhuireán.
5. D'athraigh meon an phobail i dtaobh cheannairí Éirí Amach na Cásca nuair a chuir Rialtas na Breataine ceannairí an Éirí Amach chun báis.
6. Tholg Mary Gorman galar véinéarach le linn a saoil.
7. Níor caitheadh go maith le Mary Gorman nuair a d'fhill sí ar Éirinn tar éis di fianaise a thabhairt ag an gcás cúirte.
8. D'athraigh Mary Gorman a hainm faoi dhó in iarracht a haitheantas a athrú.
9. Bunaíodh Tithe na mBocht in Éirinn Sa chéad leath den naoú haois déag.
10. Ní fios go díreach cad a tharla do Mary Gorman tar éis di imeacht go Nua Eabhrac.
11. Chabhraigh Rialtas na Breataine le Mary Gorman saol nua a thosú di féin i Meiriceá.

# Mary Gorman

## Na Freagraí

Seachtain chinniúnach i stair na hÉireann ba ea an tseachtain idir an 24 agus an 29 Aibreán, 1916. Ghlac grúpa óglach seilbh ar ionaid thábhachtacha i mBaile Átha Cliath agus d'fhógair siad don saol go raibh poblacht neamhspleách á bunú acu. Chuir Arm na Breataine an tÉirí Amach faoi chois agus cuireadh ceannairí an Éirí Amach chun báis. Ba bheag tacaíocht a bhí ag lucht an Éirí Amach i measc na ngnáthdhaoine ach nuair a cuireadh na ceannairí chun báis tháinig athrú suntasach ar mheon an phobail. Laochra a bhí iontu anois agus bhí muintir na hÉireann spreagtha anois chun neamhspleáchas a lorg ón mBreatain, rud a tharla tamall beag de bhlianta ina dhiaidh sin. Bhí sé de mhí-ádh mar sin ar Mary Gorman gur thug sí fianaise chinniúnach i gcoinne duine de na daoine sin ar laoch anois é i súile an phobail in Éirinn.

